
Oide

# Dearadh

## a Dhéanamh Infheicthe



# Intinní Foghlama

Dul i ngleic le próiseas smaointeoireacht deartha mar fhoghlaimeoir

Téama na hinbhuanaitheachta a bheith in a cuid dhílis den fhoghlaim

SEISIÚN A DÓ

# Modhanna Oibre

Oide


An gá aon rud eile a chur san áireamh?

| Cabhróidh | Cuirfidh bac |
| --- | --- |
| | |


'Is cur chuige comhoibríoch daonlárnach é **Smaointeoireacht Deartha** i leith réiteach fadhbanna a chuireann béim ar an gcruthaitheacht, atriall agus praiticiúlacht..'

*Adapted quote, Tim Brown, President and CEO, IDEO*


# Samhail Smaointeoireacht Deartha





Stanford D. School
Samhail Smaointeoireacht Deartha




IBM
Samhail Smaointeoireacht Deartha



Comhairle Dearaidh na Breataine
Samhail Mhuileata Dúbailte





IDEO
Samhail Dearaidh Daonlárnach



Comhbhá | Sainmhíniú | Idéú | Fréamhshamhail | Tástáil

*Tógtha ón Interaction Foundation*

# Muileata Dúbailte agus Stanford D.




*Tógtha ón Interaction Foundation*

Oide

Tosaíonn Smaointeoireacht Deartha trí smaoineamh ar dhaoine. Cad é a bhíonn ag teastáil uathu. Cad é a bhíonn siad a iarraidh.

Tosaíonn Smaointeoireacht Deartha le comhbhá



# Comhbhá

# Comhbhá

Oide

Breac síos na céad trí fhocail/frásaí a ritheann leat nuair a chloiseann tú an focal 'comhbhá'

Mentimeter

# Sainmhíniú ar Chomhbhá

Oide

I do ghrúpa tabhair sainmhíniú ar chomhbhá

Ainmnítear duine amháin chun aiseolas a thabhairt

10 nóiméad

Is minic a shainmhínítear comhbhá mar thuiscint ar thaithí duine eile trí tú féin a shamhlú i gcás an duine eile sin

*Hodges and Meyers, 2007, Encyclopedia of Social Psychology*

Oide

# Sonraíocht na hArdteistiméireachta

Trí chomhbhá a fhorbairt... faigheann an foghlaimeoir léargas ar riachtanais a phobal féin agus an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint ar na luachanna a chuidíonn leis aghaidh a thabhairt ar a chuid fadhbanna. Beidh sé ar a chumas freagairt a thabhairt i mbealach atá ealaíonta agus tarraingteacht go físiúil ach a mbaineann ciall leis chomh maith.




*Ealaín Sonraíocht na hArdteistiméireachta L 10*

# Comhbhá a léiriú le persona úsáideora

Oide



Image source: Canva AI Image Generator

Ainm: Naaol Ó Murchú
Aois: 13
Slí bheatha: Scoláire sa Chéad Bhliain

Eolas cúlra: D'fhreastail Naaol ar scoil bheag tuaithe agus tá sé anois ag freastal ar iar-bhunscoil mhór uirbeach ina bhfuil os cionn 1000 scoláire. Tá imní air faoina bhealach a dhéanamh timpeall na scoile, é féin a eagrú, agus súil a choinneáil ar a chlár ama, a thascanna agus a chuid giuirléidí pearsanta. Tá imní ar leith air faoin líon leabhar agus faoin trealamh a chaithfidh sé a thabhairt chun na scoile gach lá.

# A léiriú gur fearr go mór a thuigimid riachtanais úsáideora ag baint úsáid as an Mapa Comhbhá

Oide

## Mapa Comhbhá

### Cad a D'FHEICFEADH siad?

Cad é is féidir linn a shamhlú a fheicfidh siad ina ngarthimpeallacht?

Daltaí, doirse, taisceadáin

### Cad a DEIREANN siad?

Cad é is féidir linn a shamhlú a déarfadh?

"Ta sé deacair mo threalamh a eagrú"

### Cad is gá dóibh a DHÉANAMH?

Cad é is féidir linn a shamhlú a chaithfeadh siad a dhéanamh?

Labhair le duine
A bheith níos mó eagraithe

### Cad a CHEAPANN agus a MHOTHAÍONN siad?

**Pianta**

Cad iad an faitíos an frustrachas agus an bhuairt is féidir linn a shamhlú atá acu?

Trína Chéile

**Mianta**

Cad iad na mianta, na riachtanais, an dóchas agus na haislingí is féidir linn a shamhlú atá acu?

Eagraithe

### Cé leis a mbíonn COMHBHÁ againn?

An féidir linn an duine a ba mhaith linn a thuiscint a shamlú?

Naaol dalta neirbhíseach

### Cad a CHLOISEANN siad?

Cad é is féidir linn a shamhlú a chloisfeadh?

"Ná bí déanach"
"Cén fáth nach bhfuil do threalamh agat?"

### Cad a DHÉANANN siad?

Cad é is féidir linn a shamhlú a dhéanfadh?

Ag rith timpeall
Ag iompar gach rud timpeall leis

# Comhbhá a léiriú le persona úsáideora

Oide

Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Persona an Úsáideora



Ainm: Niamh Ní Bhroin
Aois: 41
Slí Bheatha: Múinteoir Ealaíne Iar-bhunscoile

Cúlrú: Tá breis agus 10 mbliana taithí ag Niamh ag múineadh na hAmharc-ealaíne in iar-bhunscoil uirbeach. D'fhreastail sí le déanaí ar cheardlann faoi oideachas don fhorbairt inbhuanaithe, a dhearbhaigh a tiomantas inbhuanaitheacht a thabhairt isteach ina seomra ealaíne agus a thionchair chomhshaoil a laghdú. Bhí Niamh ag meabhrú cén chuma a bheadh air sin. Bhí sí ag smaoineamh freisin cén chaoi a bhféadfadh sí timpeallacht an tseomra ealaíne a dhéanamh níos inrochtana agus níos cuimsithí do gach scoláire.

Image source: Canva AI Image Generator

@Oide_Art_VisArt
www.oide.ie

## Mapa Comhbhá

**Cad a D'FHEICFEADH siad?**
Cad é is féidir linn a shamhlú a fheicfidh siad ina ngarthimpeallacht?

**Cad a DEIREANN siad?**
Cad é is féidir linn a shamhlú a déarfadh?

**Cad is gá dóibh a DHÉANAMH?**
Cad é is féidir linn a shamhlú a chaithfeadh siad a dhéanamh?

**Cad a CHEAPANN agus a MHOTHAÍONN siad?**

**Pianta**
Cad iad an faitíos an frustrachas agus an bhuairt is féidir linn a shamhlú atá acu?

**Mianta**
Cad iad na mianta, na riachtanais, an dóchas agus na haislingí is féidir linn a shamhlú atá acu?

**Cé leis a mbíonn COMHBHÁ againn?**
An féidir linn an duine a ba mhaith linn a thuiscint a shamlú?

**Cad a CHLOISEANN siad?**
Cad é is féidir linn a shamhlú a chloisfeadh?

**Cad a DHÉANANN siad?**
Cad é is féidir linn a shamhlú a dhéanfadh?

Oide

# Comhbhá

Smaoinigh ar persona an úsáideora

1 nóiméad

Líon isteach an mapa comhbhá

15 nóiméad

Déan taifeadadh ar bhur bplé

Ainmnítear cainteoir

# Cén taighde breise a d'fhéadfaí a bhailiú ar persona an úsáideora amach ó mhapáil chomhbhá?

Is féidir linn….

# Taighde

Sannaigh róil: éascaitheoir, maor ama, cláraitheoir, cainteoir

Bailigh agus déan taifeadadh ar bhur dtaighde.

Doiciméadaigh bhur dtaighde go fisiciúil nó go digiteach

20 nóiméad

padlet



# Sainmhíniú

# An fhadhb a shainmhíniú

| Cé | Cad | Cathain | Cén áit | Cén fáth | Conas |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cé atá thíos leis an bhfadhb?** | **Cad é foinse na faidhbe?** | **Cén uair a tharlaíonn an fhadhb?** | **Cá dtarlaíonn an fhadhb?** | **Cén fáth a mbíonn an fhadhb seo ann?** | **Cén tionchar a bhíonn ar an duine?** |
| Naaol | Ag streachailt lena threalamh a eagrú | Roimh ranganna | Ag a thaisceadán | A lán ábhair phraiticiúla agus trealamh aige | Dá bharr sin tagann mearbhall air |

## Ráiteas Faidhbe

Bíonn Naaol ag streachailt lena threalamh a eagrú, roimh ranganna ag a thaisceadán mar tá a lá ábhair phhraiticiúla agus trealamh aige. Dá bharr sin tagann mearbhall air.

# An fhadhb a shainmhíniú

Freagair na ceisteanna 6C

5 nóiméad

Cuir sainmhíniú ar an fhadhb

5 nóiméad

Ainmnítear duine amháin chun aiseolas a thabhairt

Oide

# Tá sainaithint fadhbanna mar chuid den phróiseas cruthaitheach a cheadaíonn don scoláire creat a chur ar a fhiosrúchán

*Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí L 21*



# Smaointeoireacht Deartha

Oide




Seans gur gá tuilleadh taighde a dhéanamh chun treo agus fócas soiléir a aithint

ifying a clear direction and

*Tógtha ón Interaction Foundation*

# Idéú

Cén cuir cuige eile atá in úsáid agat chun daltaí a spreagadh le smaointe?

# Ceisteanna 'Conas a d'fhéadfaimis' a léiriú

Oide

Bíonn Naaol ag streachailt lena threalamh a eagrú, roimh ranganna ag a thaisceadán mar tá a lá ábhair phhraiticiúla agus trealamh aige. Dá bharr sin tagann mearbhall air..

Conas a d'fhéadfaimis ____(cad)____ a dhearadh do ____(persona úsáideoir)____ chun ____(rud a athrú)____?

Conas a d'fhéadfaimis táirge a dhearadh do Naaol chun a threalamh praiticiúil a eagrú?

# Ceisteanna 'Conas a d'fhéadfaimis'

Conas a d'fhéadfaimis __________ a dhearadh do ___________________ chun ________________?

Cruthaigh Ceisteanna 'Conas a d'fhéadfaimis' do persona Niamh bunaithe ar do ráiteas faidhbe

5 nóiméad